



Filleadh Ar Scoil – Scoilbhliain 2021/22

1. Ní ar scoileanna atá sé an taisteal thar lear a fhiosrú

Tá tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí agus comhairle rialtais is déanaí i leith taistil idirnáistiúnta a chomhlíonadh. ([Féach an comhairle is déanaí anseo](#))

Is gá do bhaill foirne na scoile Foirm um Fhilleadh ar Obair a chomhlíonadh (ar fáil sa Phlean Freagartha COVID-19 maidir le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta, Aguisín 2 [anseo](#).) Anuas air seo, tá baill foirne freagrach go pearsanta as an gcomhairle rialtais is déanaí i leith taistil idirnáistiúnta is déanaí a chomhlíonadh.

2. Ní gá do chruinniú boird roimh athoscailt na scoile

Níl cruinniú boird roimh athoscailt na scoile riachtanach. Is leor don phríomhoide agus don chathaoirleach an cháipéis seo a léamh agus [Plean Freagartha COVID-19](#) a chur i bhfeidhm ag an gcéad chruinniú boird eile.

Dar ndóigh, is féidir cruinnithe boird a rith ó chian go fóill, ach is gá teacht i láthair do chruinniú amháin uair sa téarma de réir chosaint leanaí.

3. Ní gá do monatóir CO2 i ngach seomra ranga.

Idir an tseachtain seo agus an tseachtain seo chugainn, beidh monatóirí CO2 á sheoladh amach chuig scoileanna. Déanfar gach iarracht freastal ar seomraí ranga na scoile ach tá seans ann nach mbeidh go leor monatóirí do ghach seomra. Déanann na monatóirí seo aeráil na seomraí a sheiceáil ó am go ham le deimhniú go bhfuil an cleachtas aerála is fearr i bhfeidhm. Is féidir seo a dhéanamh go héasca i ngach rang ag amana éagsúla os rud é go bhfuil na gléasanna seo iniompartha agus éasca le suiteáil.

Más ann d'aon deachrachaí le haeráil na scoile, déan teagmháil le hAonad Tógála na Roinne nó le soláthraithe CO2 na scoileanna ag CO2@lennox.ie nó **01-2248675**

4. Ní gá do thuismitheoirí/caomhnóirí Foirm um Fhilleadh ar Scoil a chomhlíonadh

Níl aon riachtanas ann na foirmeacha seo a chomhlíonadh agus níl sé de cheart ag aon scoil cead isteach a dhiúltú do pháistí nach bhfuil an fhoirm seo líonta acu. Dar ndóigh, is féidir leis an scoil an fhoirm seo a mholadh do thuismitheoirí mar réamhchúram sa bhreis.

Tá comhairle do thuismitheoirí agus chaomhnóirí ag seoladh a bpáistí ar ais ar scoil ar fáil anseo: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/comhairle-do-mhic-leinn-agus-a-dteaghlaigh/>

5. Ba cheart cuairteoirí chuig an scoil a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Is faoin mbord bainistíochta é fós an cinneadh dhéanamh mar gheall ar mhúinteoirí nó traenáilaithe seachtracha a thabhairt isteach sa scoil. Sa chás go gceadaítear do chuairoteoirí seachtracha mar seo, is gá go bhfreastlaítear ar an sábháilteacht chuí.

Is gá tinrimh cuairteoirí chuig an scoil a choinneáil fós.

6. Leanfar leis an maoiniú ar ghlantachán, díghalrán agus trealamh cosanta pearsanta (TCP) sa bhreis don chéad téarma scoile eile.

Íocfaidh an Roinn as uaireanta glantóireachta sa bhreis don chéad téarma eile ar scoil, chomh maith le díghalrán agus TCP a chlúdach. Beidh níos mó eolais ar fáil mar gheall air seo go luath.

7. Bí airdeallach fós le linn cruinnithe foirne



Filleadh Ar Scoil – Scoilbhliain 2021/22

De réir an Phlean Freagartha COVID, iarrtar ar fhoireann na scoile cruinnithe a dhéanamh ó chian, i ngrúpaí beaga nó i spásanna móra le gur féidir cloígh le scaradh sóisialta.

8. Measúnú Medmark d'fhostaithe torracha agus ardriosca

De réir [Ciorclán 0042/2021](#) go scoileanna (12 Lúnasa 2021), ba chóir d'aon fhostaithe torracha nó atá i gcatagóir ardriosca teagmháil a dhéanamh le Medmark roimh fillleadh ar scoil. Is féidir leis na baill foirne seo measúnú riosca a dhéanamh ag <https://www.medmark.ie/teachersna> Freastlaíonn an measúnú seo ar fhoireann choimhdeach anois chomh maith.

Ba chóir don scoil measúnú riosca a dhéanamh do bhaill foirne torracha chomh maith más féidir ([Féach an téimpléad seo ó HSE.](#))

9. Coinnigí oraibh leis an dea-obair a bhí ar bhun agaibh ceanna féin!

- Réamhchúraí do pháistí: foghrúpaí/meithleacha sa seomra ranga, lámha a ní, díghalrán lámh
- Réamhchúraí do mhúinteoirí: Mascanna a chaitheamh, scaradh sóisialta ó bhaill foirne eile, fillleadh abhaile má thagann aon siomptóim COVID19 orthu
- Réamhchúraí do thuismitheoirí: teagmháil a dhéanamh leis ar scoil thar ghuthán nó ríomhphost, gan bailiú le chéile lasmuigh den scoil, uaireanta agaithe tosaithe agus críochnaithe nuair is féidir, páistí le siomptóim COVID19 a bhailiú ón scoil nó a choinneáil sa bhaile má tagann siomptóim orthu thar oíche.
- Réamhchúraí do bhaill foirne eile: Sosanna agaithe don leithreas agus don seomra foirne, glanadh rialta na lámh, díghalrán lámh, mascanna a chaitheamh, bheith airdeallach ar pháistí ag léiriú siomptóm, airdeallach ar fhoghrúpaí páistí a chothú.

Faigh póstaer don seomra ranga le cabhrú leis na céimeanna slándala seo anseo:

<https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2020/08/P%C3%B3staer-Covid-19-x5.pdf>

10. Lámh chúnta agus cluas éisteachta

Cur glaoh orainn ag An Foras Pátrúnachta **01- – 6294110** nó scríobh chugainn eolas@foras.ie má tá aon chomhairle nó chúnamh sa bhreis de dhíth.

Go n-éirí libh sa chéad seachtain ar ais ar scoil agus coinnigh i dteagmháil linn!